Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2016**
**(OR. en)**

**11346/16**

**ENV 506**
**FIN 484**
**MAR 201**
**AGRI 422**
**FSTR 47**
**FC 38**
**REGIO 59**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Iúil 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10642/16 ENV 454 FIN 403 MAR 182 AGRI 371 COEST 176 FSTR 34 FC 28 REGIO 41 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Eotrófú i Muir Bhailt a chomhrac: gníomhaíocht bhreise, níos éifeachtaí de dhíth"<br>- Conclúidí ón gComhairle (18 Iúil 2016) |

Geobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 3/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Eotrófú i Muir Bhailt a chomhrac: gníomhaíocht bhreise, níos éifeachtaí de dhíth", a ghlac an Chomhairle ag an 3481ú cruinniú a bhí aige ar an 18 Iúil 2016.

**Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Eotrófú i Muir Bhailt a chomhrac: gníomhaíocht bhreise, níos éifeachtaí de dhíth"**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

AG MEABHRÚ DI an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD)[1], an Treoir Réime Uisce (WFD)[2], an Treoir maidir le Níotráití[3], an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (UWWTD)[4], Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt (EUSBSR) agus Coinbhinsiún Heilsincí um Chosaint Mhuirthimpeallacht Limistéar Mhuir Bhailt (HELCOM), a bhfuil forálacha iontu go léir chun stádas maith comhshaoil a bhaint amach, cáilíocht uisce a fheabhsú agus ionchur na gcothaitheach a laghdú;

1. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 03/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcumhdaítear san iniúchadh ocht mBallstát a bhfuil teorainn acu le Muir Bhailt, ceithre Bhallstát acu a tháinig isteach san Aontas Eorpach in 2004 (an Pholainn, an Eastóin, an Laitvia agus an Liotuáin);

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur measadh i dtuarascáil le déanaí[5] go bhféadfadh 550,000 deiseanna fostaíochta a bheith i gceist mar aon le €32 billiún de luach breise le hacmhainn eacnamaíoch Mhuir Bhailt gona seirbhísí feidhmiúla éiceachórais;

---

[1] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

[2] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

[3] Treoir 91/676/CEE ón gComhairle an 12 Nollaig 1991 maidir le huiscí a chosaint ar thruailliú de bharr níotráití ó fhoinsí talmhaíochta (IO L 375, 31.12.1991, lch. 1).

[4] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40).

[5] "Ní bhíonn néal gan ghealán - Plean gnó do Mhuir Bhailt" i mí Lúnasa 2013, arna choimisiúnú ag Fóram um Uisce an Domhain (WWF).

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gurb é an eotrófú an príomhfhadhb chomhshaoil do na bruach-Stáit Mhuir Bhailt go léir agus LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá iarrachtaí agus bearta cuimsitheacha ag na tíortha go léir a chuireann le heotrófú Mhuir Bhailt d'fhonn eotrófú a chomhrac agus cáilíocht an uisce i Muir Bhailt a fheabhsú;

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE cé go ndearnadh gníomhaíochtaí chun ionchur na gcothaitheach a laghdú agus gur baineadh amach treocht laghdaitheach ionchur cothaitheach ó dheireadh na 1980í, tá gá le tuilleadh beart agus ba cheart iad a dhéanamh sna blianta atá le teacht chun eotrófú a chomhrac i Muir Bhailt, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DÍ sa chomhthéacs sin Plean Gníomhaíochta Mhuir Bhailt (BSAP) a comhaontaíodh i gcreat HELCOM in 2007, lena n-áirítear ceanglais ó thaobh tíortha de maidir le laghdú sealadach ionchur na gcothaitheach agus a ndearnadh athbhreithniú air in 2013; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go gcuirtear an plean gníomhaíochta sin san áireamh in EUSBSR 2009;

7. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil cur chun feidhme na mbeart a leagtar síos i bPleananna Bainistíochta Abhantraí (RBMPanna) faoin WFD riachtanach chun cáilíocht uisce níos fearr a bhaint amach; MEASANN SÍ gur céim chun tosaigh é na brúnna agus tionchar agus na saincheisteanna is suntasaí a bhaineann le bainistíocht uisce a shainaithint sna chéad phleananna bainistithe ó na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le Muir Bhailt;

8. AITHNÍONN SÍ gur fadhb an-chasta é an t-eotrófú de bharr barraíocht cothaitheach ó go leor foinsí éagsúla. D'fhonn aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an eotrófú i Muir Bhailt, tá sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar speictream iomlán na bhfoinsí cothaitheach agus ar an sreabhadh ó na foinsí sin, agus aird á tabhairt ar dhálaí nádúrtha Mhuir Bhailt;

***An cur chun feidhme a dhéanann na Ballstáit i ndáil le laghdú na n-ionchur cothaitheach i Muir Bhailt***

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go luaitear sa tuarascáil go bhfuil easpa uaillmhéine agus táscairí maidir leis na laghduithe cothaitheach a bhfuiltear ag súil leo sna RBMPanna agus iad ag díriú ar 'bhearta bunúsacha' chun treoracha ón Aontas Eorpach a chur chun feidhme maidir le gníomhaíochtaí sonracha is cúis le truailliú cothaitheach iad, go príomha fuíolluisce uirbeach agus an talmhaíocht; TUIGEANN SÍ gur díríodh, den chuid is mó, leis na bearta sna chéad RBMPanna, ar an mbearna a laghdú idir na ceithre Bhallstát a tháinig isteach san Aontas Eorpach in 2004 agus Ballstáit eile an Aontais agus gur ar na "bearta bunúsacha" ba mhó a díríodh, dá bhrí sin, le haghaidh chur i bhfeidhm na reachtaíochta reatha;

10. AONTAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt gur cheart do na Ballstáit bearta agus spriocanna a shainiú chun ualaí cothaitheach a laghdú ionas go mbainfear amach spriocanna MSFD agus WFD, agus go gcuirfear feabhas ar an monatóireacht ar ualaí cothaitheach in abhantracha agus ar ionchuir i Muir Bhailt chun cur ar a gcumas bearta cost-éifeachtúla a dhéanamh chun na hualaí sin a laghdú sa todhchaí;

***Éifeachtacht na ngníomhaíochtaí chun truailliú cothaitheach ón bhfuíolluisce a laghdú***

11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go luaitear sa tuarascáil nach bhfuil UWWTD á chomhlíonadh; ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit chun comhlíonadh a fheabhsú;

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit bonneagar fuíolluisce a thógáil agus a oibriú chomh héifeachtach agus is féidir, lena n-áirítear trí chuidiú a thabhairt do theaghlaigh nascadh leis na líonraí séarachais nuair is féidir, agus caighdeáin níos déine a bhaint amach i ndáil le cothaithigh ná faoi UWWTD, amhail na caighdeáin a sainaithníodh i Moladh ó HELCOM 28E/5 maidir le cóireáil fuíolluisce cathrach, le haghaidh eisilteach a shíleann in uiscí a chliseann coinníollacha maidir le cothaithigh atá comhsheasmhach le stádas maith WFD agus MSFD;

13. AITHNÍONN SÍ, cé go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta mar gheall ar chur chun feidhme na moltaí ó HELCOM agus in UUWTD, go bhféadfar feabhas a chur ar chúrsaí fós, mar shampla trí theicneolaíochtaí nuálacha, cost-éifeachtúla a chur i bhfeidhm maidir le fosfar a bhaint as fuíolluisce, agus aird á tabhairt ar na haidhmeanna agus ar ghníomhaíochtaí Phlean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach[6];

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint de thionscadail lena ndírítear ar na hualaí cothaitheach i Muir Bhailt ón Rúis agus ón mBealarúis a laghdú, agus éifeacht ghiarála chistiúcháin ón Aontas Eorpach á cur san áireamh;

***Éifeachtacht na ngníomhaíochtaí chun truailliú cothaitheach ón talmhaíocht a laghdú***

15. TUIGEANN SÍ ábhair imní na Cúirte maidir le truailliú ón talmhaíocht; SPREAGANN SÍ na Ballstáit chun limistéir leochaileacha ó thaobh níotráite iomchuí a ainmniú i gcomhréir leis an bhfaisnéis i RBMPanna;

16. AITHNÍONN SÍ an spleáchas frithpháirteach agus na dúshláin fhrithpháirteacha a ghabhann le cáilíocht mhaith uisce agus barrfheabhsú na táirgiúlachta talmhaíochta agus an gá a bheadh ann, dá bharr sin, an comhar a neartú idir ionadaithe na n-earnálacha comhshaoil agus talmhaíochta araon ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil na cláir forbartha tuaithe áisiúil mar ionstraim do na Ballstáit chun tacú le bearta chun sceitheadh cothaitheach ón talmhaíocht a laghdú;

---

[6] an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, agus chuig Coiste na Réigiún, dar teideal "An Ciorcal a shlánú - Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach", COM(2015) 614 final, 14972/15 + ADD 1.

18. AONTAÍONN SÍ leis an moladh ón gCúirt maidir leis an ngá atá ann do na Ballstáit chun teorainneacha iomchuí maidir le húsáid fosfar sa talmhaíocht i gcás rioscaí a bheith ann, chun cláir ghníomhaíochta i ndáil le níotráit a bhunú, a bheidh bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí agus na scéimeanna agra-chomhshaoil is ábhartha maidir le truailliú cothaitheach a chur i bhfeidhm agus na bearta a dhíriú ionas go mbeidh an tionchar is airde ar laghdú ualaigh;

***Luach breise Straitéis an Aontais Eorpaigh do Réigiún Mhuir Bhailt (EUSBSR)***

19. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaí leis an EUSBSR comhar idirnáisiúnta agus idir earnálacha agus gníomhaíochtaí a fhorbairt chun eotrófú a chomhrac a neartú tuilleadh;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú go ndíríonn tionscadail spriocdhírithe faoin EUSBSR ar an bhfás inbhuanaithe sa réigiún, lena n-áirítear trí iarrachtaí níos dúthrachtaí chun eotrófú a laghdú agus tacaíocht bhreise don ghné "An Fharraige a Shábháil".